

Gníomh [...] de 2024

maidir le sláinte leanaí a chosaint

Roinn 1

I nGníomh CLV 1997 maidir le cosaint tomhaltóirí, cuirtear an mhír (1a) seo a leanas le Roinn 16/A:

‘(1a) Beidh toirmeasc ar dheochanna fuinnimh a dhíol nó a sholáthar a bhfuil comhdhéanamh acu a shonraítear i bhforaithne an Rialtais (anseo feasta: deoch fuinnimh) do dhaoine faoi bhun ocht mbliana déag d’aois.’

Roinn 2

I nGníomh CLV 1997 um chosaint tomhaltóirí, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 47(1)(h):

[Má shuíonn an t-údarás cosanta tomhaltóirí le linn a imeachtaí gur sáraíodh na forálacha cosanta tomhaltóirí i Roinn 45/A(1)-(3), féadfaidh sé na hiarmhairtí dlíthiúla seo a leanas a fhorchur, agus imthosca ábhartha an cháis á gcur san áireamh, go háirithe déine an tsáraithe, fad an tsáraithe, athdhéanamh an iompair neamhdhleathaigh agus an sochar a baineadh amach mar thoradh ar an sárú, agus ceanglas na comhréireachta á chur san áireamh freisin:]

‘(h) i gcás sárú ar na forálacha a leagtar síos i Roinn 16/A(1)-(3), féadfaidh sé margú deochanna alcólacha, deochanna fuinnimh, táirgí tobac nó táirgí gnéasacha a thoirmeasc ar feadh uastréimhse bliana ón dáta a suíodh an sárú agus, má sháraítear na forálacha sin arís agus arís eile laistigh de thréimhse thrí bliana, féadfaidh sé a ordú go ndúnfar go sealadach an gnó a bhfuil baint aige leis an sárú ar feadh uastréimhse 30 lá.’

Roinn 3

I nGníomh CLV 1997 um chosaint tomhaltóirí, cuirfear an mhír (5) seo a leanas le Roinn 55:

‘(5) Údarófar don Rialtas comhdhéanamh deochanna fuinnimh nach féidir a dhíol ná a sholáthar do dhaoine faoi bhun ocht mbliana déag d’aois a leagan síos i bhforaithne.’

Roinn 4

I nGníomh CLV 1997 um chosaint tomhaltóirí, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (f) de mhír 1 de Roinn 57:

(Fónann an Gníomh seo leis na rialacháin AE seo a leanas a chomhlíonadh:)

‘(f) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach [pointe 12 de Roinn 2, mír 1a de Roinn 16/A, míreanna 1 agus 3 de Roinn 16/B, mír 4 de Roinn 17/D agus mír 5 de Roinn 55].’

Roinn 5

I nGníomh CLV 1997 maidir le cosaint tomhaltóirí, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 58:

‘Roinn 58

Tugadh fógra roimh ré faoi dhréachtaí Roinn 16/A(1a), Roinn 16/B agus Roinn 55(5) i gcomhréir le hAirteagal 39(5) de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006

maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach.'

Roinn 6

Faoin gceannteideal 'Comhlíonadh dhlí an Aontais Eorpaigh' i nGníomh CLV 1997 maidir le cosaint tomhaltóirí, cuirtear isteach Roinn 59 seo a leanas:

'Roinn 59

Tugadh fógra roimh ré maidir le dréachtaí Roinn 16/A(1a) agus Roinn 55(5), mar a leagtar síos in Airteagail 5-7 de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise.'

Roinn 7

Tiocfaidh an Gníomh seo i bhfeidhm an tríochadú lá tar éis lá a fhoilsithe.

Roinn 8

(1) Comhlíonann an gníomh seo Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach.

(2) Tugadh fógra roimh ré faoi dhréachtaí Roinn 1 agus Roinn 3 i gcomhréir le hAirteagal 39(5) de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach.

Roinn 9

Bhí an dréacht-Ghníomh seo faoi réir fógra roimh ré, mar a shonraítear in Airteagail 5-7 de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise.